2025/2353

21.11.2025

**CINNEADH (CBES) 2025/2353 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 20 Samhain 2025**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/1093 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Phoblacht na Moldóive**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 41(2) de

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 30 Meitheamh 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1093 [1] lenar bunaíodh beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Phoblacht na Moldóive.

(2) Tá moill ar sheachadadh trealaimh shonraigh áirithe chuig Fórsaí Armtha Phoblacht na Moldóive, nach ndéanfar go dtí tar éis dháta deiridh thréimhse cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2022/1093, rud a chiallaíonn gur gá síneadh 12 mhí ón 17 Nollaig 2025 go dtí an 17 Nollaig 2026 a chur le tréimhse cur chun feidhme an Chinnidh sin.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2022/1093 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2022/1093, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Mairfidh ré an bhirt cúnaimh go ceann 48 mhí ón dáta a thabharfar an chéad chonradh i gcrích idir an riarthóir um bearta cúnaimh, ag gníomhú dó ina cháil mar oifigeach údarúcháin, agus na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Chinneadh seo i gcomhréir le hAirteagal 32(2), pointe (a), de Chinneadh (CBES) 2021/509’

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Samhain 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS

[1] Cinneadh (CBES) 2022/1093 ón gComhairle an 30 Meitheamh 2022 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Phoblacht na Moldóive (IO L 176, 1.7.2022, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/1093/oj).